An Ġaeltaċt agus an Páipéar Bán

Barrúill na nDaoine Fríd na Gaeltaċta

Is dóilí teaċt go cruinn beaċt ar ṫuairimí agus ar ḃarúlaċa gnáṫṗobal na Gaeltaċta. Tá oiread sin de Ġaeilgeoirí gairmiúla idir an gnáṫṗobal agus luċt poiblíoċta go ḃfuil sé an deacair an rud atá an gnáṫ duine a' smaoitiú á ḟáil amaċ. Agus go mion minic ní h-ionann ċor ar biṫ barúlaċa na nGaeilgeoirí gairmiúla seo agus an gnáṫṗobal. Mar sin ḟéin rinne ár gcuid tuairisceoirí iarraċt teaċt ar ḃarúlaċa na ngnáṫ daoine agus Gaeilgeoirí eile ar fud na nGaeltaċtaí fé leiṫ agus seo aċuimire air.

Cloiċeannaola

Mí-ṡásaṁ glan. "Caidé eile a mbeaḋ muid ag súil leis?" an gnáṫ rud atá á rá. Ar ndóiġe cáidé ḃeaḋ ḟios ag bunaḋ Ḃaile Áṫa Cliaṫ fan rud a d'ḟoirfeaḋ dúinne. "Naċ breá naċ ḃfuil a ḋaṫ fá Ċoláiste Ḃríde ins na moltaí," arsa fear as an Ḟál-Ċarraċ. "An gcaiṫfí muid-inne ġabáil síos a iascaireaċt go dtí na Cealla Beaga," arsa fear as Maċaire Rabartaiġ, "agus má ċaiṫeann caidé an ḃaint atá againn leis an Ġaeltaċt níos mó?" "Ligfear aċan duine isteaċ anois ar ḟás na dtrátaí, arsa fear de ċuid na ḃfásóirí.

Gaoṫ Doḃair

An gnáṫ ṗobal dubh dóite den scéal seo uilig go léir. "Cad ċuige naċ dtaḃarann siad obair dúinn na druid suas?" "Cá h-áit a dtiocfaḋ leis an Uasal Ó Móráin, Aire Uasal na Gaeltaċta, feirm 45 acra a ḋéanaṁ frío iomlán ṗaráiste Ġaoṫ Doḃair," arsa fear siopa liom. D'ḟéadfaḋ leaṫ de ṗobal Ġaoṫ Doḃair a mbeaṫa a ṫaḃairt i dtír ar an iascaireaċt, aċ caidé an ṁaiṫ é sin má ċaiṫeann muid ġaḃail síos a iascaireaċt amaċ as na Cealla Beaga," arsa fear eile. "Dá mbeaḋ fear amáin le ciall ar an Ċoimisiún ḟéin nó ar ċúl an Ṗáipéir Ḃáin," arsa fear tabairne liom, ḃeaḋ molaḋ cruinn beaċt fá estáit tionscailteaċ a ḃeiṫ i nGaoṫ Doḃair ⁊ neart oibríṫe againn fá na ċoinne." Cuid de na Gaeilgeoirí gairmiúla a raḃ postanna maiṫe acu ċeana sásta go measarṫa.

"Ḃeiḋ tuille rudaí beaga de ḋeontaisí agus eile le fáil againn anois," arsa fear amáin acu, "ġeall ar taisbeáint do ṗobal na Galltaċta go ḃfuil siad a' ḋéanaṁ rud éinteaċt."

Rann na Feirste

"Tóg ar ṡiúl Coláiste Ḃríde agus tá an baile seo dona," arsa fear amáin. "Agus taoḃ amuiġ de ṫréimse na Coláiste naċ ḃfuil leaṫ de ṫiṫe an ḃaile druite ar scor ar biṫ. Ní ṫaḃarfaiḋ an Páipéar Bán ar oiread agus fear óg amáin pósaḋ sa ḃaile nó socrú síos sa ḃaile. Caidé mar ḃéarfaḋ?"

Anagoire

Míṡásaṁ glan. Caidé'n ṁaiṫ atá in amadaí cainnte fá Ḃord Failte? Dá dtaḃarfaḋ Bord Fáilte leaṫ oiread cuidiṫe de ṡráidḃaile Anagoire agus a ḃeireann siad do ṫeaċ ósta mór amáin i mBaile Áṫa Cliaṫ, ḃeaḋ saoṫrú a gcodaċ le fáil ag scaipte maiṫ sa tsaṁraḋ. "Tá Gaeltarra Éireann ann le cúig bliana," arsa fear eile, "agus níor ċuir siad obair ins an teaċ breá a ṫóg Bord na gCeanntar Cúing i ḃfad ó ṡoin."

An Cloċán Liaṫ

Ar nós cuma liom. Ní gnóiṫe dúinn é, ag cuid mór. Daoine tuigseanaċ a' rá go ḃféadfaí rud mór a ḋéanaṁ den Cloċán Liaṫ aċ ċur ina ċeann. Dá mbeití dairíriḃ fá Gaeltaċt ba ceart príomḃaile Gaeltaċta a ḋéanaṁ den Cloċán Liaṫ agus tionscail a ċur ann do oibriṫe na Rosann, ⁊ seirḃís busanna lena dtaḃairt isteaċ ar maidin agus na ḃaile trāṫnóna.

Ára Ṁór

"Tríoċa tráiléar in Oileáin Árann na Gaillimhe," arsa fear amáin, "agus caidé fuair muid-inne? Tá bád acu amaċ 's isteaċ ar ċóstas na tíre trí lá sa tseaċtain agus ní íocfaiḋ an Rialtas cúpla scilling le bád iompair a ċur ar fáil aċan lá do Árainn Ṁóir." Níor léiġ mórán. moltaí an Ṗáipéir Ḃáin ar ċor ar biṫ. agus gan an ṁór ċuid suime acu ann. Albain a ḃéas ann dúinne i gsónaí ar scor ar biṫ," arsa fear eile. Imní ar cuid naċ mbeiḋ oiread scoláirí ag teaċt go Coláiste Crónа.

Gleann Ḟinne

Gan mórán eolais fan Ṗáipéar Ḃán agus gan mórán spéis ann. "Ṫug siad druim láiṁe linn i ḃfad ó ṡoin, a ṫaisci," arsa fear amáin. "Tá an dream óg uilig ar ṡiúl anois ar scor ar biṫ," arsa fear eile, "agus ní dóiċe go bpilliḋ siad."

Gleann Ċolm Cille

Níos mó suime i gCoiste Cosanta an Iarṫair ná san Ṗáipéar Ḃán. Cuid mór de na daoine tionntaiṫe ar Ḃéarla gan spéis ró mór acu i nGaeilge nó i nGaeltaċt. "Ligeaḋ an uair ṫart i ḃfad ó ṡoin nuair a ba ċeart rud éinteaċt a ḋéanaṁ." arsa fear tuigsineaċ amáin.

An Ċarraig

Míṡásaṁ ar na daoine a ḃfuil tuigḃeáil acu don scéal. Má's seo an rud a raḃ muid ag fanaċt leis le cúig bliana," arsa fear amáin, "ba ḃoċt ar ndóiġ agus ba ṁeasa ar gciall." "Ṫiocfaḋ le leaṫ-duisín ar biṫ fear i mbaile na Carraige Páipéar níos fearr ná sin a ċur le ċéile, arsa siopadóir amáin.

Cill Ċarṫa

Lúṫair in áiteaċa go ḃfuil forbairt le déanaṁ ar Ġaeltarra Éireann, aċ mí ṡásaṁ le stiúraḋ Ġaeltarra Éireann go dtí seo. Gan mórán eolais ar na moltaí eile. Gan dóċas ar biṫ go gcuirfear an Ġaeilge in uaċtar arís, nó go dtaḃarfar obair do ṗobal na Gaeltaċta.

Ros Duṁaċ

Níos mó suime i ngnóiṫí na mbealtaċ mór ná tá san Ṗáipéar Ḃán. Níl san iomlán uilig aċ cur i gcéill agus ligint orṫa go ḃfuil siad a' brаṫ rud a ḋéanaṁ don Ġaeilge. Dá mbeaḋ siad fá ċoinne ḋaṫ a ḋéanaṁ don Ġaeilge ċaiṫfeaḋ siad toiseaċt leis an dream a ḃfuil sí acu, aċ ní fiú leoṫa boṫar a ḋéanaṁ isteaċ ċugainn féin.

Fód Dubh

Míṡásaṁ fan ísliú ins an ċaiġdeán scrúdú béil do na coláistí. Eagla go gcuirfear isteaċ ar Ċoláiste Ḃreandan. Mí ṡásaṁ glan iomlán leis na rudaí beaga amaideaċ atá molta fan Ġaeltaċt. "Cé'n ṁaiṫ a ḃeiṫ a' caint ar iascaireaċt nuair naċ ḃfuil céiḃeanna féin againn." arsa fear amáin.

Acaill

Mí ṡásaṁ ar fad. 'S iad na ceantair Ġallda gan Gaeilge a ġeiḃ iomlán cuidiú ó Ḃord Fáilte. Ní ḋéanfaiḋ siad rud ar biṫ in áit a ḃfuil an Ġaeilge. Mí-ṡásta fan iascaireaċt. £1,000 ar a méid do ċéiḃ beag san Ġaeltaċt. £100,000 do port mór san Ġalltaċt.

Ba é an tuairim coitianta a ḃí ag luċt smaointe agus daoine a ċur suim i gcúis na Gaeltaċta naċ ḃfuil slanú na Gaeltaċta. no, fiú dúṫṡráiṫe de ṡlanú na Gaeltaċta ins an Ṗáipéar Bán. An tuairim coitianta ag gnáṫṗobal agus ag Gaeilgeoirí gairmiúla agus ag an luċt poiblí. níl aċ aon rud amáin a ṡáḃlóḋ an Ġaeltaċt anois — an Clár Tobainne — "An Crash Programme." Fógairt láiṫreaċ go mbeiḋ obair geallta do ċuile ḋuine de oibriṫe na Gaeltaċta ar oibreaċa tárṫúla agus go gcoiméadfar na h-oibreaċa sin ar siúl fada go leor le pleanáil a ḋéanaṁ ar Oibreaċa Forbairte. Leanúint de na h-oibreaċa forbairte sin agus an pobal oibre a ċoiméad i gcionn a ċéile agus tuairisci ar uiṁir na n-oibriṫe a ḋéanaṁ amaċ agus a ḟoillsiú agus tionscail a ṫreorú ċun na n-áiteaċa sin lena nglacaḋ isteaċ. Ní ḋéanfaiḋ aon rud eile aon ṁaiteas don Ġaeltaċt san am i láṫair.

Cuntaisí ó ḋeisceart Muiġeo, Conamara agus Gaeltaċta eile i nGaillim, Corca Duiḃne. Uiḃ Raṫaċ, Múscraí, Cléire agus an Rinn an tseaċtain seo ċugainn.

Gleannḃarr

Ċan amáin go raiḃ lúċair ar fud Ġleannḃarr aċ ḃí brón fósta nuair a ċualaṫas gur ċeapaḋ Cionaiṫ Uas. Mac Suiḃne, B.A., O.S., Scoil Ċúil. Creannṗort, Leiṫir Ceanainn, mar Ciġire Scoile. Rugaḋ agus tógaḋ a aṫair, an Gárda P. Mac Suiḃne. ar na Mínte, Gleannḃarr. Tá seisean marḃ le 10 mbliana, grásta ó Ḋia air. Ní raiḃ sé aċ meánaosta nuair a fuair sé bás. Tá máṫair Ċionaiṫ 'na cónaí ar an Cnoc Ṁaoil comġaraċ do Ḃaile na nGallóglaċ. Ċaiṫ Cionaiṫ cúpla bliain ar scoil i nGleannḃarr. an áit a ġnoṫaiġ sé scoláireaċt go dtí Coláiste Ullṁúċáin Naoiṁ Énna, Co. na Gaillime. Fuair sé a ṁeán oideaċas i gColáiste Énna agus a ċuid traenáil mar ṁúinteoir i gColáiste Naoiṁ Pádraig, Baile Áṫa Cliaṫ. Indiaiḋ a ṫraenála ċaiṫ sé tréimse ag teagasc i S.N. an Duaċ Ḃig i ḃFanaid. Indiaiḋ sin ċaiṫ sé seal ag teagasc i scoil Raṫ Mealtáin. Ḃí sé ag teagasc i scoil Ċúil nuair a toġaḋ é mar ċiġire. Dearṫáir do 'seaḋ an tAṫair D. Mac Suiḃne. S.C., Drom Ocaill, tá dearṫáir eile de na ċuid ins na gárdaí agus beirt ḋeirfiúr 'na mná rialta. Ḃí Cionaiṫ 'na ċaṫaoirleaċ ar Ċoiste Ċoláiste Loċ Súilí, Gleannḃarr. Croṫnóiḋ an coiste é go mór. Guímíd raṫ agus blaṫ air ins an tsaol nua atá roiṁe.

Tá'n ċoscairt ann anois le seaċtain agus is ciúin socair an ċoscairt í. Cé go ḃfuil cor paiste sneaċta le feiceáil ar Ṡliaḃ Sneaċta agus ar cúpla ceann de na cnoic árda eile níl rian siocain nó sneaċta le fáil ar ġleann no ar ṁaċaire. Tá cor seisreaċ amuiġ ar na laeṫe seo aċ is tearc duine anois a tíṫear amuiġ le seisriġ agus péire capall. Ní feirmeoirí na paróiste seo beagnaċ uilig a gcuid talaṁ a ṫreaḃaḋ leis an tarracóir. Tá aċan cosúlaċt go ḃfuil lá an ċapaill ṫart ar an ḟeirm.

Gleann Colmcille

Beiḋ taispeántas mór i mBaile Áṫa Cliaṫ. de ceirdeanna áitiúla Ġleann Ċolmcille, ar feaḋ na seaċtaine ón 10ú—17ú nuair a ḃeas earraí cleiteáilte ċoṁ maiṫ le gaċ uile toraḋ ó ceirdeanna baile ar taispeántas.

Fírinne fa '98

RISTEÁRD Ó GLAISNE

Tamall ó shin rinne Séamus Ó Néill léirmheas do INNIU ar leabhrán spéisiúil ar Jemmy Hope a scríobh Seán Ó Cróinín. Níor réitigh an Cróinineach le gach a ndúirt an Niallach ina léirmheas, agus dúirt sé sin i litir ar INNIU. Thosaigh díospóireacht idir an bheirt gan mhoill.

> **Conspóidí crua agus cantalach go leor Séamus Ó Néill. Agus ní bhíonn a chuid ráiteas baol ar bheith lán-tsásúil i gcónaí, cé go labhraíonn sé go huafásach údarásach ar cheisteanna staire, faoi mar nach bhféadfadh ach a thuairim-sin a bheith ag duine céillí ar bith.**

San chás seo thug sé le fios "nár imir bunaitheoirí na nÉireannach Aonta páirt ar bith ar pháirc an chatha i '98". Díreach ina dhiaidh sin, mar nár thug sé faoi deara gur á bhréagnú féin, rud beag, a bhí sé, scríobh sé " 'One of the very few of those founders who ever appeared in the field' a thug Lecky ar Henry Joy McCracken." Ghéill sé go raibh Russell agus Neilson i bpríosún agus go raibh Wolfe Tone san Fhrainc ("ní raibh neart aige air")—ach ansin is é rud a thosaigh sé ag tarraingt an-amhrais ar Neilson ("is soiléir, mura raibh sé cinnte i bhfeil, go raibh sé dochreidte neamartach"), agus nuair a chosain Ó Cróinín caractaer Neilson cumasach go maith, níorbh fhiú leis an Niallach freagra ar bith a thabhairt air faoi sin.

Shíl Ó Cróinín go mb'fhéidir nach ar aon tuairim a bhí an bheirt acu faoi Chogadh Liam agus Shéamais in Éirinn. "Is mar choimhlint faoi ríocht Shasana a fheicim féin é," ar seisean. Ar ndóigh, tá sin ró-shimplí, agus ní raibh obair ar bith ag Séamus spior-spear a dhéanamh de. Ar seisean: "Is furasta don staraí a thaispeáint nach fíor é nach raibh i gCogadh an Dá Rí ach troid fá choróin na Sasana. Nár mhór na hamadáin na fir bhochta a fuair bás ann, má b'fhíor sin, Ach thuigeadar go maith go raibh i bhfad níos mó ná sin idir camánaibh. Na Caitlicigh a throid ag an Bhóinn agus ag Eachdhruim, throid siad ar son dhá rud, ar son saoirse creidimh agus ar son talaimh na hÉireann, mar is léir ón toradh a bhí ar an chogadh, mar nuair a chailleadar an cogadh, chailleadar an dá ní sin."

Ach ní dhéanann caint leathghangaideach Shéamuis a dhath chun craiceann a chur ar nithe eile nach bhfuil chomh héifeachtach céanna aige. Mar shampla, "Is mór an áibhéil a rá gurbh é an Preispeitéireachas a ba chúis le Cogadh na Saoirse i Meiriceá." Is mór, ar ndóigh, ach is mó an mhuinín a bheadh againn as Séamus mar thráchtaire ar an stair dá n-admhódh sé san dul thart gur stair agus leagan-amach na bPreispitéireach rud amháin a chuir an teannas i gCogadh na Saoirse i Meiriceá. Níl maith, agus tú ag iarraidh duine a cheartú faoi chúrsaí cruinnis, dul ró-fhada ar an taobh eile toisc gur chuaigh seisean ró-fhada ar thaobh amháin.

Pointe suimiúil eile ag Séamus agus é ag casadh le caint Uí Chróinín a bhréagnú. Ar seisean, "Bhí na Preispitéirigh in éadan na Stiobhartach agus a raibh taobh thiar díobh, mar atá ceart diaga an Rí,' adeir sé (.i. an Cróinineach). Ba ar son na saoirse a bhí Printísigh Dhoire dar leis. Má bhí, is mó i bhfad a bhí siad in aghaidh na Stiobhartach ar an ábhar gur Caitlicigh iad. Chaitheadar a nguthanna ar son Acht na Trialach a bhac dóibh féin suí san Pharlaimint de bharr go mbainfeadh sé an ceart sin de na Caitlicigh." Ceist ghabhlánach go leor an cheist seo na saoirse ag a leithéidí siúd, agus Protastúnach mar mé féin is fearr a thuigeann sin, b'fhéidir.

Ró-mhaith atá a fhios agamsa mar a cheil Protastúnaigh de shaghasanna éagsúla a saoirse chóir ar Chaitlicigh Rómhánacha na hÉireann ar feadh i bhfad. Ón eolas phearsanta atá agam ar mo chomhchreidmhigh, is feasach dom go bhfreagraíonn a mórchuid don tír ar shlí an-deimhnitheach, agus mar sin tuigim ar fad don méid seo ó Sheán: "Tugaim faoi deara . . . go raibh fáinne cuimhneacháin ag Preispitéirigh an chumainn (.i. Cumann na hÉireannach Aontaithe) a raibh an manadh 'Erin go bragh' os cionn agus faoin abairt úd, 'Remember Orr' . . . Na hamhráin in 'Paddy Resource', atáid lán de mhothú náisiúnta . . . Céard faoi na focla deireanacha ó William Orr féin, feirmeoir Preispitéireach arbh é ár gcéad mhairtír poblachtach é: 'I am no traitor. I die a persecuted man, for a persecuted country'." Os a choinne sin, áfach, is fíor go raibh rud eile ag cur isteach ar chiall na bProtastúnach seo don náisiúntachas: bhí a bhformhór gar dóibh féin (mar a bhíonn mórán gach dream), agus is furasta ag Protastúnaigh a cheapadh gur beag nach acu féin amháin atá tuiscint don tsaoirse—cuid acu, tugann sin orthu an tsaoirse a bhaint de Chaitlicigh Rómhánacha, mar chonachtas dóibh riamh go raibh mór-phearsana Eaglais na Róimhe in aghaidh na saoirse, más saoirse do chách a bheadh i gceist, agus gur bhaol do Phrotastúnaigh ar bith a bheadh ag brath saoirse a fháil uathu dá mba acu a bheadh an mhór-chumhacht.

Agus anois tagann muid go préamh an scéil. "Ní aontaím gurbh iad na hÉireannaigh Aontaithe a bhunaigh náisiúntachas na hÉireann," arsa Séamus Ó Néill. "Bhí dream beag acu ag gluaiseacht i dtreo an náisiúntachais roimh '98, ach chúlaigh siad go hiontach gasta uaidh. Is aithríoch liomsa gur chúlaigh, ach caithfidh mé a admháil ina ainneoin sin go bhfuil an ceart ag an staraí Protastúnach Ultach Beckett adeir—'Modern Irish nationalism, in so far as it springs from O'Connell, is distinctively, almost essentially, Roman Catholic'."

"In so far . . ."—cinnte. Ach bhí freagra Uí Chróinín air sin an-mhaith, dar liom:

"Is é a bhí á theagasc ag Cumann na nÉireannach Aontaithe gurb é ceangal Shasana ba chúis lenár bhfadhbanna polaitiúla agus gurbh é aontacht na nÉireannach uile ar gach uile chreideamh bun-chloch ár saoirse. B'shin a chreid an Piarsach, an Conghaileach agus a lucht leanúna. Níor ghlac aon duine díobh leis an gConallach ná lena chuid tuairmí. Is é an comharbas seo a stiúraíonn muid go dtí fíor-náisiúntachas an lae inniu."

Níl dul thairis sin ag Séamus Ó Néill ná ag aon duine eile, creidim.

Seirḃís Millteanaċ Olc

Fiú amáin oibriṫe Oifig an Ṗoist féin, tá ḟios acu anois ċoṁ dona agus atá ceist na línte telefóin, agus an ṁoill ṁór atá ar scairteanna as Dún na nGall.

Ag cruinniú de ċraoḃ Leiṫir Ceanainn den P.O.W.U. eagras na n-oibriṫeoirí poist, cáineaḋ go géar an moill a ḃí ar na scairteanna guṫán, dúraḋ gur droċ línte a ba ċúis leis, agus go raiḃ an tráċt guṫán ag méadú. Ḃí an pobal uilig a léir a' gearán, agus ḃíoṫar ag cur an milleán ar na h-oibriṫe, aċ níorḃ iad na h-oibriṫe ba ċiontaí aċ an droċ stáid a ḃí ar na líntí.

Ḃí an ceart, adúirt an ċraoḃ, ag an pobal a ḃeiṫ ag gearán, aċ ba é an dóiġ millteanaċ olc ina raiḃ na línte telefóin a ba ċiontaí leis. Ḃí oibríṫe a d'ḟág ceantar Leiṫir Ceanainn agus ní raiḃ a leiṫéid de rud in áit ar biṫ eile sa tír. Ní ḟios goidé ċoṁ h-olc agus a ḃeiḋ an scéal ins na míosaí seo romainn muna ndéantaí rud éigin.

Ba ċeart rud éigin a ḋéanaṁ láiṫreaċ leis na línte i nDún na nGall a ċur ar an scéala céanna le malartáin eile, adúirt an ċraoḃ.